# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA – ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2014**

**(Iomlán na Marcanna: 300)**

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| A: | 255 - 300 |
| B: | 210 - 254 |
| C: | 165 - 209 |
| D: | 120 - 164 |
| E: | 75 - 119 |
| F: | 30 - 74 |
| N.G.: | 0 - 29 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh as freagraí áirithe ar an gceist sin.

**N. B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**1. Anuncio: DECATHLON - UNA NUEVA TIENDA DE DEPORTE EN VALENCIA**

**(1+1) + (2 + 2) + (1+1) + (2+2) mharc = 12 mharc**

a. **Dhá** cheann díobh seo: polaiteoirí, méara (mná), (ionadaíocht leathan ó) eagraíochtaí spóirt **(1+1 mharc)**

b. **Dhá** cheann díobh seo: is é seo an chéad siopa atá acu in Valencia,
tá sé suite i bhfoirgneamh (beagnach) tréigthe,
in aice na habhann,
tairgeann sé táirgí le haghaidh 65 spórt **(2+2 mharc)**

c. tá clú air mar chathair spóirt, (tugann sé seo spreagadh do) roinnt mhaith turasóirí teacht anseo **(1+1 mharc)**

d. an-tábhachtach, osclaíodh 6 shiopa nua i mbliana (sa Spáinn). **(2+2 mharc)**

**2. Diálogo: ENTREVISTA CON SERGIO LÓPEZ, CANTANTE DE RAP**

**(1+1) + 2 + (1+1+1) + (1+1) mharc = 9 marc**

a. Flamenco, Arabach **(1+1 mharc)**

b. tá an bhraistint phobail á cailleadh acu **(2 mharc)**

c. anchor, bulaíocht scoile, foréigean **(1+1+1 mharc)**

d. a gcuid léinn a chur i gcrích, a slí sa saol a aimsiú **(1+1 mharc)**

**3. Diálogo: ENTREVISTA CON LA NUEVA DIRECTORA DE LA REVISTA TELVA**

**(2 + 2 + 1) + 2 + (1+1) + 3 mharc = 12 mharc**

a. **Trí** cinn díobh seo: an iris is fearr ar fáil, **(2+2+1 mharc)**
líne shoiléir eagarthóireachta,
léitheoirí dílse,
creidiúnacht (maidir le cúrsaí faisin, scéimhe, cultúir, polaitíochta)

b. Ceann **amháin** díobh seo: forlíontaí (a thabhairt isteach), díolacháin a mhéadú **(2 mharc)**

c. iontach ceanúil / grámhar, tuisceanach **(1+1 mharc)**

d. chun cothromaíocht a choinneáil idir a saol gairmiúil agus
na freagrachtaí atá uirthi mar mháthair. **(3 mharc)**

**4. Descriptivo: COOPERACIÓN INTERNACIONAL**

**2 + (2 + 2) + 2 + (2+2) mharc = 12 mharc**

a. eagraíocht (Spáinneach) a oibríonn ar son domhan níos fearr (ón mbliain 1993 i leith) **(2 mharc)**

b. **Dhá** cheann díobh seo:
rannpháirtíocht an ógra i gcabhair a thabhairt do na boicht a chur chun cinn,
sláinte na ndaoine sa ghátar is mó a fheabhsú,
deireadh a chur le míchothromaíochtaí **(2+2 mharc)**

c. Tá roinnt mhaith daoine (Spáinneacha) dífhostaithe (ag tapú na deise) chun oibriú (ar feadh roinnt blianta) i dtír thearcfhorbartha / san Afraic agus i Meiriceá Theas **(2 mharc)**

d. **Dhá** cheann díobh seo: altraí, múinteoirí, innealtóirí, tógálaithe / bríceadóirí **(2+2 mharc)**

**5. Descriptivo: MÁLAGA**

**3 + 3 + (1+1+1) + (1+1+1) mharc = 12 mharc**

a. Tionscnamh / oscailt Mhúsaem Picasso (in 2003) **(3 mharc)**

b. Ceann **amháin** díobh seo: léiríonn turasóirí go bhfuil sainspéis acu i gcuairt a thabhairt air,
téann sé siar go dtí an chéad aois RCh **(3 mharc)**
[Is séadchomhartha é = 1m]

c. Aonach Lúnasa,
An tSeachtain Mhór / An Cháisc
Féile Scannán (Spáinneach) **(1+1+1 mharc)**

d. marcaíocht ar chapall, cnocadóireacht, uiscespóirt **(1+1+1 mharc)**

**6. El tiempo**

**(2+2) + (2+2) + (1+1) + (1+1) mharc = 12 mharc**

a. scamallach agus d'fhéadfadh ceathanna a bheith ann **(2+2 mharc)**

b. (i) báisteach san iarnóin (ii) titfidh an teocht (sa lá) (go measartha) **(2+2 mharc)**

c. (i) gaoth láidir (ii) gaoth aniar **(1+1 mharc)**

d. (i) (leanfaidh sí ar aghaidh) ag ardú (ii) (bainfidh sí) 38 céim (amach). **(1+1 mharc)**

**7. Una Noticia: UNA CAJETILLA DE CIGARRILLOS QUE HABLA**

**2 + 2 + (2+2) + 3 mharc = 11 mharc**

a chun faisnéis a thabhairt faoin mbaol a bhaineann le tobac **(2 mharc)**

b. caiteoirí tobac (a spreagadh) le héirí as a n-andúil nicitín **(2 mharc)**

c. tosaíonn guth ag labhairt faoi aimhréidheanna análúcháin / riospráide, tugann sé uimhir ghutháin duit chun cabhrú leat (dul i ngleic leis an duáilce) **(2+2 mharc)**

d. d'éirigh lear mór ban idir 16 bliana d'aois agus 64 bliain d'aois as an tobac mar thoradh air. **(3 mharc)**

**12 + 9 + 12 + 12 + 12 + 12 + 11 = 80 marc**

**1. (a) Litríocht Dualgais –*Sin noticias de Gurb*** **(50 marc)**

**C. 1 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) *el barrido del establecimiento* **(3 mharc)**
(b) *se trata de un número atrasado* **(3 mharc)**
(c) *caballero* **(3 mharc)**

**C. 2 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) ...cinneadh an fhoireann anois **(3 mharc)**
(b) …tugaim faoi deara go sona go bhfuil vardrús ionsuite mór ag an seomra leapa **(3 mharc)**
(c) ...cláraím / síním le haghaidh árachas dóiteáin agus gadaíochta
**(3 mharc)**

**C. 3 4 + 3 + 3 = 10 marc**

**Aon 3 cinn díobh seo:** **(4+3+3 mharc)**

Cabhraíonn sé leis na cathaoireacha (ar na táblaí) a thabhairt anuas,
Itheann sé uibheagán (ubhthoraidh) / arán le trátaí
Ólann sé beoir,
Caitheann sé súil ar an nuachtán (maidine),
Léann sé na fógráin ina dtairgtear árasáin ar cíos.

**C. 4 4 + 3 + 3 = 10 marc**

**Aon 3 cinn díobh seo:** **(4+3+3 mharc)**
(a) daoine ar mhaith leo árasán a cheannach le cónaí ann /
(b) daoine ar mian leo árasán a cheannach d'fhonn airgead salach a sciúradh /
(c) daoine ar mian leo árasán a cheannach sa bhailtín Oilimpeach.

**C.5 3+3+3+3 = 12 mharc as aon 4 phointe ábhartha**

Tá a lán daoine ann
Tá sé measctha agus dícheíllí ó thaobh dearaidh de
Tá na sráideanna contúirteach
Bíonn na bóithre á réabadh acu i gcónaí
Tá dlús tromchúiseach sa trácht
Tá barraíocht cnoc in Barcelona. Molann sé córas rothar leis an trácht a mhaolú
Is cosúil go bhfuil sé faiseanta tógáil síos níos minice ná tógáil suas
Tá sé lán de shamplaí ilchineálacha den chine daonna.
Difríocht idir lucht an tsaibhris agus na boicht,
Nós maireachtála deifreach,

Is inghlactha pointe ar bith eile a bhaineann le hábhar.

**1. (b) Téacs Iriseoireachta (50 marc)**

**UNA HAMBURGUESA CULTIVADA EN EL LABORATORIO**

**C. 1 4 mharc × 5 = 20 marc**

(a) Blas, uigeacht, agus cé acu atá nó nach bhfuil sé sábháilte (le hithe) **(4 mharc)**

(b) (i) iarmhairtí (tairbhiúla) don chomhshaol. **(2 mharc)**
(ii) (an cumas) chun an ganntanas feola sa todhchaí a réiteach. **(2 mharc)**

(c) Tiocfaidh méadú 60% air sa 40 bliain atá romhainn. **(4 mharc)**

(d) Teastaíonn níos lú fuinnimh chun é a tháirgeadh,
(astaítear) níos lú gás ceaptha teasa agus
saothraítear níos lú talún. **(4 mharc)**

(e) Éireoidh siad ina sótháirgí. **(4 mharc)**

**C. 2 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) *en directo* **(4 mharc)**
(b) *un reemplazo viable / un sustituto real* **(4 mharc)**
(c) *nadie* **(4 mharc)**

**C. 3 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) ...tá sé mar urraitheoir / phátrún an tionscadail. **(4 mharc)**
(b) ...tá siad ag obair chun cuma níos údaraí a chur air. **(4 mharc)**
(c) ...níl siad ag iarraidh deireadh a chur le feirmeoireacht eallaigh/
leis an tionscal beostoic. **(4 mharc)**

**C.4 (6 mharc)**
[Is féidir marc ar bith ó 0 go 6 a bhronnadh as an gceist seo]

**2.** **(a)** agus **(b) 3 + 3 +4 + 3 + (2+2) + 3 = 20**

**(a) El ROBOT JAPONÉS** **(10 marc)**

(i) Chun iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir le róbait cabhrú le spásairí
(ina gcuid oibre). **(3 mharc)**
(ii) (Freagrach as) teagmháil a choinneáil le Kirobo. **(3 mharc)**
(iii) As an bhfocal Seapáinise 'Kibo' a chiallaíonn 'róbat' agus 'dóchas'. **(4 mharc)**

**(b) EL GRAN MURAL DE LA FREEDOM TOWER** **(10 marc)**

(i) Chun íospartaigh na n-ionsaithe a rinneadh an 11 Meán Fómhair 2001
a chomóradh. **(3 mharc)**
(ii) **Dhá** cheann díobh seo: beidh sé sa bhealach isteach go dtí an Túr Saoirse nua
Bratach (mhór) na Stát Aontaithe a bheidh ann
déanta as ábhair nádúrtha ó gach ceann de na stáit
beidh na réaltaí déanta as miotal.
Tógfaidh sé bliain amháin chun é a dhéanamh **(2+2 mharc)**
(iii) Bhí ceann dá shaothair ar crochadh sa bhealach isteach chun an Phéire Túr. **(3 mharc)**

**ROINN B**

**VACACIONES A LO BARATO** **(100 marc)**

**C. 1 3 mharc × 5 = 15 mharc**

(a) *días de respiro* **(3 mharc)**
(b) *una tasa de paro* **(3 mharc)**
(c) *(hasta) el último momento* **(3 mharc)**
(d) *hace tiempo / antes* **(3 mharc)**
(e) *hay muchas maneras* **(3 mharc)**

**C. 2 5 mharc × 3 = 15 mharc**

(a) ...tá siad ar lorg bealaí le saoire ghairid ar a laghad a thabhairt dóibh. **(5 mharc)**
(b) Ní gá duit ach dul chuig an trá/ d'aghaidh a thaispeáint ag an trá le feiceáil go bhfuil sí lán de chuisneoirí (iniompartha)/ de bhoscaí fuara. **(5 mharc)**

(c) Ní mór duit d'intinn a ghlanadh (d'fhonn) dul i ngleic lena bhfuil romhat/ lena bhfuil i ndán duit. **(5 mharc)**

**C. 3 1 mharc × 5 = 5 mharc**

Ní thugtar marcanna as focail bhreise.
(a) *quizá / quizás* **(1 mharc)**
(b) *apunta* **(1 mharc)**
(c) *chollos / ofertas* **(1 mharc)**
(d) *guardar* **(1 mharc)**
(e) *un pinchito* **(1 mharc)**

**C. 4 (3+3 mharc) + (2+2+1 mharc) + (2+2 mharc) = 15 mharc**

(a) **Dhá** cheann díobh seo:
-na daoine sin a dhéanann staidéar ar na tairiscintí nóiméad deiridh go léir leis an oiread airgid is féidir a shábháil
- na daoine sin nach féidir leo ach leathchuid den airgead a chaith siad anuraidh a chaitheamh
-na daoine sin ar féidir leo sónna áirithe ar nós turais fhada a ligean dóibh féin. **(3 +3 mharc)**

(b) **Trí** cinn díobh seo:
- Tá éiginnteacht ag cur imní ar gach earnáil/ ar thionscal na turasóireachta
- Dhéantaí áirithintí dhá mhí roimh ré,
- ní heol (don tionscal) anois conas a chríochnóidh an séasúr/ mí Lúnasa
- tá sé doiligh praghsanna/ taraifí agus tairiscintí a bhainistiú
- Níl cinntí á ndéanamh ag daoine go dtí an nóiméad deiridh
- Tá praghsanna ag ísliú
- tá an tréimhse a fhanann daoine níos gairide/ bhídís mí amháin ar fad ach ní minic anois a bhíonn saoire níos faide ná dhá sheachtain ar fad
- dhéantaí áirithintí le haghaidh seachtain amháin ar a laghad/ agus glactar iad de réir laethanta anois.
- Tá daoine ag caitheamh níos lú fiú agus iad ar laethanta saoire.
- chuaigh sé chun tairbhe cuideachtaí malartú tithe. **(2+2+1 mharc)**

(c) **Dhá cheann** díobh seo:

-Tá próifíl na n-úsáideoirí ag athrú

-roimhe seo, teaghlaigh a raibh a dteach féin acu a bhí ar lorg saoirí (fada) thar lear a bhí iontu

-is idir daoine a bhfuil cónaí orthu sa Spáinn atá seachtó faoin gcéad de mhalartuithe tithe

-tá níos mó daoine óga/ lánúineacha ag glacadh páirt ann anois

-tá fad na laethanta saoire níos gairide/ fiú don deireadh seachtaine amháin. **(2+2 mharc)**

**Roinn B: Ceist 5** **IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le marcáil C. 5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht shoiléir<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta comhleanúnachais<br>Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise<br>Meas ar an iomlán ar aidhm na cumarsáide<br>Roinnt ábhair neamhábhartha | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide<br>Cuid mhór ábhair neamhábhartha | **0 – 8 marc** |

**2. TEANGA** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Gan mórán dearmad gramadaí / litrithe<br>Úsáid cheart na n-aimsirí | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Stór focal measartha maith – leordhóthanach agus cuí ar an iomlán<br>Na briathra ceart ar an iomlán<br>Gan an iomarca dearmad litrithe / gramadaí | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh stór focal<br>Formhór na mbriathra mícheart<br>Cuid mhór dearmad litrithe | **0 – 8 marc** |

**Tabhair ar aird:**
**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1,**
**(i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharc do Theanga 2.**

## ROINN C

***IOMLÁN NA MARCANNA: 50***

*Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:-*

**Ceachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS Ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

*Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a)* ***agus*** *(b) de Cheist 1* ***nó*** *Ceist 2 trí dhearmad, caithfear* ***an dá cheann*** *a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh* ***agus sin amháin.***

Ceist 1.Agus an cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**C.1 (a)** **COMHRÁ A CHUMADH** **30 marc**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 x 6m = 30 marc)**

***NÓ***

**C.1 (b)** **LITIR / R-PHOST** 30 marc

Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann.
*[Tabhair ar aird gur chóir go mbeadh gach pointe forbartha agus leathnaithe.*
*Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.*
*Ba chóir* ***cúig*** *phointe a dhéanamh ar fad.*
*Treoirlínte mar atá do Cheist 1 (a).]* **(5 x 6 m = 30 marc)**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C, Ceist 1 (a) agus (b):**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC (Marcáiltear gach 'seal' ina aonar)**

| | |
|---|---|
| 6 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta<br><br>Leibhéal maith sa stór focal. |
| 4 - 5 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| 2 - 3 mharc: | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart. |
| 1 mharc: | Chuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| 0 marc: | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**C.2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith.
Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(4 x 5m = 20 marc)**

***NÓ***

**C.2 (b)** **NÓTA** **20 marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(4 x 5m = 20 marc)**

Tabhair ar aird: In C. 2 (a) agus (b) ba chóir neamhaird a dhéanamh de **mhion-dearmaid** (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht'). **Ní mór do na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.**

**Tabhair ar aird: Maidir le haon chuid den táirgeadh scríbhneoireachta ní ghearrfar pionós faoi dhó as an dearmad céanna.**

**Nótaí Breise:**

1a) *Litir/R-phost:*

- Táthar ag súil le leagan amach foirmiúil ceart maidir leis an litir / r-phost.
- Tá an tsainréim cheart riachtanach chun **iomlán** na marcanna a thuilleamh.
- Is féidir an litir / r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Ba chóir d'iarrthóirí cúig phointe **ábhartha** a dhéanamh.

Ba chóir gach pointe a leathnú amach agus a fhorbairt. Chun iomlán na marcanna a thuilleamh, ba chóir d'iarrthóirí ar a laghad dhá nó
trí abairt a scríobh ar gach pointe.

## AGUISÍN A hAON

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin ó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta coirp*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar fhorais* ***deacrachta foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Roinn A**

Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le Litríocht Dualgais C.1 (a), 1;

agus le Téacs Iriseoireachta C.1(b), 2 & 4.

**Roinn B**

Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le C.1, 3 agus 5.

**Roinn C**

Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe leis an roinn seo go léir.

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as **litriú** ná as gnéithe **gramadaí**, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.
Litriú: Measfar comharthaí diaicritice atá in easnamh nó atá mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.
Gramadach: is féidir na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós á ngearradh orthu a aithint ach ligean ort féin go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip / CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Is ar dhearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh.

Blank Page